



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Scéim Teanga OÉ Gaillimh 2012-2015



OÉ Gaillimh
NUI Galway

**Scéim Teanga Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2012 - 2015
faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Clár

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra	4
1.1 Treoirlínte d’Ullmhú na Scéime	4
1.2 Feidhmiú na Chéad Scéime agus Tiomantais an Dara Scéime	4
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	5
Caibidil 2 Forléargas ar OÉ Gaillimh	6
2.1 Cúlra na hOllscoile	6
2.2 Misean na hOllscoile	6
2.3 Custaiméirí agus Cliaint	6
2.4 Fís na hOllscoile	6
2.5 An Ghaeilge san Ollscoil	7
2.6 Seirbhís Aistriúcháin na hOllscoile	7
Caibidil 3 Achoimire ar na Seirbhísí Gaeilge atá á soláthar agus na Feabhsúcháin atá beartaithe do 2012 – 2015	8
3.1 Seirbhís duine ar dhuine	8
3.2 Cumarsáid leis an bPobal	9
3.2.1 Preasráitis	9
3.2.2 Teagmháil leis na Meáin Chumarsáide	9
3.2.3 Teagmháil Inmheánach trí Ghaeilge san Ollscoil	9
3.2.4 Logainmneacha Gaeltachta	10
3.3 Foilseacháin de chuid OÉ Gaillimh	10
3.4 Bileoga Eolais/Foirmeacha Iarratais/Bróisiúir	11
Caibidil 4 Suíomh Gréasáin OÉ Gaillimh	14
4.1 Córas Ríomhaireachta	15
4.2 Seirbhísí idirghníomhaíochta ar an idirlíon	15
Caibidil 5 Seirbhís don Phobal	16
5.1 Malartán na hOllscoile	16
Caibidil 6 Cúrsaí Earcaíochta, Oiliúint agus Forbairt Foirne	17
6.1 Cúrsaí Earcaíochta agus An Coiste Seasta Um Cháilíocht Teanga	17
6.2 An Tairiscint Ghníomhach - Seirbhís Shofheicthe	17
6.3 Ranganna agus Cúrsaí Gaeilge	17
6.4 Cláir Léinn trí Ghaeilge agus Tacaíocht bhreise do mhic léinn atá ag déanamh staidéir ar ábhar trí Ghaeilge	18

Caibidil 7 Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim	19
7.1.1 Ról Rúnaí na hOllscoile i leith na Gaeilge	19
7.1.2 Feidhmeannaigh Theanga	19
7.1.3 An Coiste Stiúrtha	19
7.1.4 Fóram Comhairleach na Scéime Teanga, faoin nGrúpa Comhpháirtíochta	19
7.2 Ag plé le Fiosrúcháin agus le Gearáin	19
Caibidil 8 Poiblíocht ar an Scéim	20

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"). Forálann Alt 11 d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí, scéim a thugann mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuiltear á soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

1.1 Treoirínte d'ullmhú na Scéime

Forálann Alt 12 den Acht d'ullmhú treoirínte ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus iad a eisiúint do chomhlachtaí poiblí chun cuidiú le hullmhú na ndrucht-scéimeanna.

Tá an scéim seo dréachtaithe ag féachaint do na Treoirínte eisithe sin. D'fhoilsigh an Ollscoil fógra faoi Alt 13 ag lorg uiríoll ón bpobal maidir le hullmhú dréachtscéime faoi Alt 11. Tugadh aird sa dréachtscéim ar na haighneachtaí a fuarthas agus ar thuairimí agus ar mholtaí a bailíodh ó fhoireann na hOllscoile, ón bpobal agus ó phríomheagrais na Gaeilge. Is mór ag an Ollscoil an t-am agus an dua a chaith gach duine a raibh baint acu leis an bpróiseas seo.

1.2 Feidhmiú na Chéad Scéime agus Tiomantais an Dara Scéime

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ná soláthar níos mó de sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil don phobal agus go mbeadh an tseirbhís sin ar ardchaighdeán.

Tugadh tiomantais fhorleathana i gcéad Scéim na hOllscoile chun feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse i nGaeilge ar a n-áirítear ainmniú dhá cheann déag de shainréimsí oibre na hOllscoile mar oifigí/aonaid riaracháin ina mbeadh seirbhísí áirithe ar fáil do phobal na hOllscoile trí mheán na Gaeilge laistigh de thréimhse na scéime. Comhlíonadh na tiomantais sin go léir.

Rinneadh dul chun cinn suntasach laistigh de thréimhse na chéad scéime maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge san Ollscoil i réimsí acadúla, i réimsí riaracháin agus sna seirbhísí ginearálta. Aimsíodh chomh maith na réimsí a gcaithfear pleanáil teanga chúí a dhéanamh iontu ó thaobh oiliúna agus earcaíochta de, ionas go mbeidh seirbhísí d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge á soláthar don phobal.

Is é cuspóir an dara Scéime seo leanúint le comhlíonadh na dtiomantas seo agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an leibhéal seirbhíse thar thréimhse na Scéime (2012-2015).

Tá an Scéim seo ag teacht le prionsabal Seirbhíse ar Ardchaighdeáin do Chustaiméirí freisin agus tríd an scéim leanfar le heascaíocht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí do dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an 23 Deireadh Fómhair 2012. Fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh Scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cé acu dáta is luaithe.

Caibidil 2 Forléargas ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

2.1 Cúlra na hOllscoile

Bunaíodh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh mar Choláiste na Ríona, Gaillimh i 1845. Inniu tá níos mó ná 15,000 mac léinn cláraithe sna cúig Choláiste: Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh, Coláiste na hEolaíochta, Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice agus Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte. Cuireann na Coláistí ar fad cláir fochéime agus iarchéime ar fáil. Tá breis agus 1,500 ball foirne acadúil, gairmiúil agus tacaíochta fostaithe ag an Ollscoil. Tá an príomhchampas suite ar 260 acra cois abhann in aice le lár Chathair na Gaillimhe. Tá timpeallacht shóisialta agus chultúir i nGaillimh ina gcuirtear fáilte roimh mhic léinn. Tá an Ollscoil suite ar thairseach Ghaeltacht Chonamara agus, dá bhrí sin, bíonn tionchar nach beag ag pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar an Ollscoil ó thaobh polasaí agus iompar teanga de.

2.2 Misean na hOllscoile

Tá OÉ Gaillimh tiomanta do luachanna faoi leith, agus do chlár taighde agus scoláireachta, a chothaíonn léann agus ceannaireacht, agus scileanna gairmiúla ár gcéimithe a fhorbairt – scileanna a sheasfaidh dóibh ar feadh a saoil.

2.3 Custaiméirí agus Cliaint

Tá idir chustaiméirí inmheánacha (foireann agus mic léinn na hOllscoile) agus chustaiméirí seachtracha (an pobal níos leithne) ag an Ollscoil. Áirítear orthu seo pobal Gaeltachta agus pobal labhartha na Gaeilge. Tá sé de chuspóir ag an Ollscoil seo freastal ar an nGaeltacht agus ar phobal na Gaeilge agus campas eiseamláireach dátheangach a chruthú. Tá dhá phríomhréimse ina bhfreastalaíonn an Ollscoil ar na pobail seo, mar atá, riarachán agus léann.

2.4 Fís na hOllscoile

Cuireann OÉ Gaillimh eispéireas oideachais agus cultúir iomlánaíoch ar fáil do na mic léinn ar fad. Tá an Ollscoil seo aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ó thaobh nuálaíochta, feabhais agus ceannaireachta de i sainchláir teagaisc, taighde agus léinn ar leith. Léiríonn ár gcláir láidreachtaí na hOllscoile, tosaíochtaí náisiúnta, agus láidreachtaí agus riachtanais an réigiúin. Tá gealltanais ar leith againn do réigiúin Ghaeltachta agus do phobal na Gaeilge. Díríonn an Ollscoil ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha éifeachtacha a fhorbairt agus a chothú le lucht leasa agus le heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

2.5 An Ghaeilge san Ollscoil

Gné ar leith de ról OÉ Gaillimh mar Ollscoil is ea a gealltanas straitéiseach maidir le hoideachas Ollscoile trí mheán na Gaeilge a sholáthar. Rinneadh tagairt don ghealltanas seo an chéad lá riamh in Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe 1929. Cuireadh leis an ngealltanas sin i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2009-2014 nuair a cuireadh téamaí solúbtha leis. Ar mholadh ón Ollscoil, thug an Stát aitheantas in athuair dó in Acht an Choláiste Ollscoile Gaillimh (Leasú) 2006 mar ghné riachtanach leanúnach de phleanáil forbartha straitéisí na hOllscoile. Murab ionann is Acht 1929 a bhain le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh amháin, baineann Acht na nOllscoileanna 1997 le gach Ollscoil. Is trí Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge¹ a bunaíodh le Reacht in 2004 chun ceannaireacht acadúil chomhtháite a léiriú agus cur le forbairt ghinearálta phobal labhartha na Gaeilge agus chuige sin, freagracht a ghlacadh as forbairt inbhuanaithe agus as seachadh clár, taighde agus seirbhísí eile trí Ghaeilge, mar aon le campas eiseamláireach dátheangach a fhorbairt, a chuirfear na cuspóirí seo i gcrích.

2.6 Seirbhís Aistriúcháin na hOllscoile

Freastalaíonn an tSeirbhís Aistriúcháin ar riachtanais Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ina n-áirítear aistriúchán ar shuímh ghréasáin, cáipéisíocht, comharthaíocht, lámhleabhair, comhfhreagras.

¹ Is é misean Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ceannródaíocht a spreagadh agus a léiriú i measc phobal na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di; ceannródaíocht a chuirfidh le forbairt shóisialta, chultúir, eacnamaíoch agus teanga an phobail sin agus phobal na tíre trí chéile. Chun an misean sin a chomhlíonadh, is é cuspóir an Acadaimh forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar chúrsaí, ar thaighde, ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí Ollscoile eile trí mheán na Gaeilge agus iad a sheachadadh agus a riaradh.

Caibidil 3 Achoimre ar na Seirbhísí trí Ghaeilge atá á soláthar agus na Feabhsúcháin atá beartaithe do 2012 – 2015

3.1 Seirbhís duine ar dhuine

I gcéad Scéim na hOllscoile ainmníodh dhá cheann déag de shainréimsí oibre na hOllscoile mar oifigí/aonaid riaracháin ina mbeadh seirbhísí áirithe ar fáil do phobal na hOllscoile trí mheán na Gaeilge laistigh de thréimhse na scéime mar aon leis na seirbhísí trí Ghaeilge atá ar fáil sna hionaid Ghaeltachta. Leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh ag soláthar na seirbhísí mar atá luaite sa chéad scéim ó na hoifigí/aonaid riaracháin sin. Is iad na hAonaid sin:

- Oifig an Uachtaráin
- An Malartán
- Seirbhís Fáiltithe na hOllscoile
- An Oifig Preasa agus Faisnéise/Áirse Fáilte
- Leabharlann Shéamais Uí Argadáin
- Oifig an Rúnaí um Ghnóthaí Acadúla
- Oifig an Rúnaí
- Oifig na Seirbhísí do Mhic Léinn
- An Oifig um Acmhainní Daonna
- An Oifig Iontrála
- Oifig na bhFoirgneamh
- Oifig an Sparánaí

Sa bhreis air sin, roimh dheireadh na scéime seo, beidh seirbhís duine ar dhuine ar fáil trí Ghaeilge sna hoifigí seo a leanas:

- An tIonad Teagmhála do Mhic Léinn
- Beolíne na hOllscoile
- CELT
- An Oifig Rochtana
- An Oifig um Idirchaidreamh le Scoileanna

Innill Féinseirbhíse

Féadfar an tseirbhís trí Bhéarla nó an tseirbhís trí Ghaeilge a roghnú ag na hinnill féinseirbhíse sa leabharlann.

Aonaid atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta

Is í an Ghaeilge atá, agus a bheidh, in úsáid mar theanga oibre sna hAonaid Ghaeltachta ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair.

3.2 Cumarsáid leis an bPobal

3.2.1 Preasráitis

Leanfar leis an gcóras a bunaíodh sa chéad scéim go bhfoilseofar preasráitis chorparáideacha² i nGaeilge agus i mBéarla (preasráitis chorparáideacha, preasráitis nach mbíonn de dhíth go pras, etc.). Mar chuid den dara scéim, foilseofar 33% de na preasráitis chorparáideacha a dhíríonn go sonrach ar chliaint inmhéanacha agus sheachtracha de chuid na hOllscoile go comhuaineach. I gcás preasráiteas a eisítear do na meáin chumarsáide Ghaeilge amháin, is i nGaeilge amháin a eisítear iad sin.

3.2.2 Teagmháil leis na Meáin Chumarsáide

Cuireadh painéal le chéile sa chéad scéim teanga de chainteoirí Gaeilge a bheadh ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge. Mar chuid den dara scéim, cuirfear eolaire d'urhabhraithe Gaeilge ar fáil agus déanfar nuashonrú air mar is cuí. Beidh an t-eolaire seo ar fáil ó Oifig Preasa agus Faisnéise na hOllscoile.

3.2.3 Teagmháil Inmheánach trí Ghaeilge san Ollscoil

Mar chuid den Tairiscint Ghníomhach³, soláthrófar liosta nuashonraithe na mball foirne ar fad atá toilteanach gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Cuirfear an tsiombail G le hainmneacha na mball foirne a bhfuil ar a gcumas/atá toilteanach seirbhís éifeachtach a sholáthar trí Ghaeilge do chustaiméirí. Beidh an t-eolas seo ar fáil san Eolaire Foirne agus ar Shuíomh Gréasáin na hOllscoile araon. Déanfar an t-eolas seo a nuashonrú gach bliain.

² Is éard is 'gnóthaí corparáideacha' ná gnóthaí a bhaineann leis an Ollscoil go ginearálta, seachas le rannóg nó gníomhaíocht ar leith laistigh de agus nach mbeadh mórán tóir ag an bpobal Ollscoile trí chéile uirthi. Sampla de na scéalta a thiocthadh faoin sainmhíniú sin ná mórthionscnamh caipitil, tionscnamh suntasach polasaí acadúil, mórfhorbairt ar mhaithe le mic léinn, cuairt ón Uachtarán nó ón Taoiseach, Bronnadh Céime Oinigh, agus a leithéid. É sin ráite, beidh breithiúnas le déanamh ar ndóigh i gcónaí faoin tábhacht a bhaineann le heachtra nó scéal ar leith i gcomhthéacs na hOllscoile go ginearálta.

³ Léirítear sa taithí idirnáisiúnta nach leor seirbhís a bheith ar fáil do chustaiméirí go dátheangach ó sholáthreoir seirbhísí ach go gcaithfidh an soláthreoir a bheith réamhghníomhach sa phróiseas tairisceana agus é ag soláthar na seirbhíse dátheangaí do chustaiméirí. Cuirtear an 'Tairiscint Ghníomhach' ar an gcoincheap seo. Is éard atá i gceist leis an Tairiscint Ghníomhach i gcomhthéacs na scéime: go ndéanfadh an soláthraí seirbhíse poiblíocht ar an tseirbhís dhátheangach atá ar fáil trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, seirbhís a bheadh ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís i mBéarla agus go mbeadh an tseirbhís ar fáil ar bhonn leanúnach. Déantar cinnte chomh maith, mar chuid lárnach den 'Tairiscint Ghníomhach', go n-airíonn custaiméirí ar a gcompond agus iad ag déileáil le seirbhísí an ionaid trí mheán na teanga a roghnaíonn siad. Cruthaíonn cur chuige na tairisceana gníomhaí a thuilleamh éilimh ar sheirbhísí dátheangacha agus cuireann sé le muinín custaiméirí úsáid a bhaint as an tseirbhís.

Ciorcláin agus Ríomhphoist Inmheánacha

Seolfar ciorcláin agus ríomhphoist i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach ó na spriocaonaid atá luaite sa chéad agus sa dara scéim araon chuig ‘an fhoireann uile’.

Glórphost Pearsanta

Maidir leis na baill foirne atá toilteanach seirbhís dhátheangach a sholáthar, cinnteofar go bhfuil a dteachtaireacht glórphoist dátheangach, an Ghaeilge ar dtús agus ansin an Béarla.

3.2.4 Logainmneacha Gaeltachta

Is é an leagan oifigiúil Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta a úsáidfí an Ollscoil i gcónaí. Feidhmeoidh an Oifig Aistriúcháin mar fhoinsé do na leaganacha oifigiúla sin agus cuirfidh an Oifig comhairle ar fáil faoi úsáid na logainmneacha sin.

3.3 Foilseacháin de chuid OÉ Gaillimh

Mar a gealladh sa chéad scéim, leanfaidh an Ollscoil uirthi ag foilsiú na gcáipéisí seo a leanas go dátheangach laistigh d’aon chlúdach amháin:

- Réamheolaire Iontrála na hOllscoile
- Lámhleabhar Faisnéise/Réamhléiritheach do Mhic Léinn
- Plean Straitéiseach na hOllscoile, lena n-áirítear Plean Acadúil na hOllscoile
- Tuarascáil an Uachtaráin
- Cuntais Bhliantúla

Sa bhreis ar ghealltanais na chéad scéime, roimh dheireadh na scéime seo, beidh foilseacháin áirithe ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi aon chlúdach amháin nó i gcásanna go gcuirtear leaganacha ar leith Gaeilge agus Béarla d’fhoilseachán ar fáil, cinnteofar go mbeidh sé chomh héasca céanna teacht ar an leagan Gaeilge is a bheidh sé teacht ar an leagan Béarla. Cuirfear custaiméirí ar an eolas go réamhghníomhach má tá leagan Gaeilge/Béarla ar leith ar fáil trí ráiteas oiriúnach a chur ar leagan Béarla/Gaeilge d’fhoilseacháin mar is cuí sna foilseacháin seo a leanas:

- Príomhleabhrán Eolais an Aonaid Forbartha Gairme
- Lámhleabhar Foirne na hOllscoile
- Treoirleabhar Taighde do Mhic Léinn
- Treoir d’Úsáideoirí na Leabharlainne
- Lámhleabhar do Mhic Léinn Lánfhásta
- Nuachtlitir Clárúcháin na Mac Léinn

Cuirfear fáilte roimh eolas/ailt i nGaeilge amháin nó go dátheangach, ar an Inlíon foirne agus i bhfoilseacháin eile de chuid na hOllscoile, i.e. Ollscéala, Alumni Links, Cois Coiribe agus Nuachtlitir na Leabharlainne.

Leanfaidh an Ollscoil leis an ngnáthnósmhaireacht Rialacháin agus Beartas a bhaineann le Cód Iompraíochta na Mac Léinn a chur ar fáil go dátheangach. Beidh fáil ar an leagan dátheangach de Chód Iompraíochta na Mac Léinn ar www.nuigalway.ie/codeofconduct

3.4 Bileoga Eolais /Foirmeacha Iarratais/Bróisiúir

Leanfar leis an ngealltanas a tugadh sa chéad scéim go gcuirfear foirmeacha iarratais/clárúcháin le haghaidh cláir léinn ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach laistigh d'aon chlúdach amháin. I gcásanna go gcuirtear leaganacha ar leith Gaeilge agus Béarla d'fhoirmeacha iarratais/clárúcháin agus bileoga eolais ar fáil, cinnteofar go mbeidh sé chomh héasca céanna teacht ar an leagan Gaeilge is a bheidh sé teacht ar an leagan Béarla. Cuirfear custaiméirí ar an eolas go réamhghníomhach má tá leagan Gaeilge/Béarla ar leith ar fáil trí ráiteas oiriúnach a chur ar leagan Béarla/Gaeilge na bhfoirmeacha iarratais/clárúcháin mar is cuí. Roimh dheireadh an dara scéime, beidh leagan dátheangach/leagan Gaeilge agus Béarla de na Bileoga Eolais/Foirmeacha Iarratais/Bróisiúir ar fáil ó na hoifigí/ionaid seo a leanas:

An tIonad Teagmhála do Mhic Léinn:

Gach bileog eolais agus gach foirm atá ag príomhdeasc an ionaid agus ar líne.

An tAonad Forbartha Gairme:

'Ceisteanna Coitianta agus Freagraí', 'Ráiteas Pearsanta a Scríobh', 'Deiseanna Gairme don Chéimí le Gaeilge', 'Ag smaoineamh ar ghairm na Múinteoireachta', 'Faigh an Post atá uait-déan agallamh maith'!

An Oifig Rochtana:

'Cúrsa Rochtana Do Mhic Léinn Lánfhásta', 'Cúrsa Rochtana Do Lucht Fágála Scoile'.

An Leabharlann:

Foirm chun leabhar a Mholadh	Iarratas ar thráchtas
Iarratas ar leabhar	Iarratas ar Iris
Iarratas ar Nuachtán	Iarratas ar Iasacht Idirleabharlainne
Iarratas le haghaidh leabhair atá ar Ordú/Idir lámha	

Staidéir Iarchéime — Na foirmeacha Oifigiúla Ábhartha:

Dearbhú ó Mhac Léinn Taighde páirtaimseartha maidir le fostaíocht san Ollscoil i rith na tréimhse staidéir

Faomhadh le haghaidh scrúdaithe

Iarrthóir ar Chéim Ph.D. a Scrúdú (ar líne)

Tuairisc na Scrúdaitheoirí

Céim Mháistreachta Taighde – Faomhadh na Scrúdaitheoirí,

Tuairisc na Scrúdaitheoirí

Dearbhú ó Mhac Léinn Taighde lánaimseartha maidir le fostaíocht san Ollscoil i rith na tréimhse staidéir

Foirm um Chruinniú idir an Mac Léinn agus an Stiúrthóir/na Stiúrthóirí

Tuairisc an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí ar Dhul Chun Cinn (le cur faoi bhráid an Choiste Taighde Iarchéime)

Foirm Thuairiscithe an Choiste ar Dhul Chun Cinn

Sonraí Bronnta Céime d'Iarrthóir ar MD

Sonraí Bronnta d'Iarrthóir ar Dhochtúireacht in Eolaíocht Shíceolaíoch (Síceolaíocht Chliniciúil)

Cead Neamhláithreachta do Mhic Léinn Taighde

Cuntasaíocht Airgeadais:

Athrú Sonraí Bainc-Párolla

Iarratas Cealú Seic

Foirm Iarratais ar Mharcáil Scrúduithe agus Rátaí Pá

Iarratas Ragoibre

Iarratas ar P45

Iarratas ar Asbhaint Phárolla

Foirm Íocaíochta Phárolla

Foirm Iarratais ar Mhionairgead

Foirm Scoláireachta

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge:

Foirmeacha Iarratais An Dioplóma sa Ghaeilge (leibhéal A2, B2, C1) agus foirmeacha iarratais na gearrchúrsaí agus na ndianchúrsaí.

Seirbhís Chomhairleoireachta:

Bileoga Eolais na Seirbhíse Comhairleoireachta do Mhic Léinn agus Cárta Eolais le Sonraí Teagmhála.

An Oifig Lóistín:

Bileoga Eolais agus Treoirínte maidir le cúrsaí cíosa.

Oifig Preasa agus Faisnéise:

Treoir do Chuirteoirí.

Seirbhísí Séiplíneachta:

Leabhrán Eolais.

Oifig Slándála:

Cárta Eolais Teagmhála.

An Oifig Taighde:

Foirm Iarratas Togra, Foirm Thosaigh um Shocrú Conartha, Teimpléad de bhileog critéar, Foirmeacha Scoláireachta, Treoirleabhar maidir le Foirm Scoláireachta.

Oifig na Scrúdaithe:

Seicliosta do na Scrúduithe, Ceistanna Coitianta maidir le hamchláir.

An Oifig Pháirceála:

Iarratas ar Cheadúnas Páirceála, Leathanach Eolais agus Ceisteanna Coitianta, Ceadúnais Chailte, Foirm Um Achomhairc Chlampála.

Oifig na bhFoirgneamh:

Foirm Iarratais chun seomraí/hallaí a chur in áirithe.

Caibidil 4 Suíomh Gréasáin na hOllscoile

Tá suíomh gréasáin na hOllscoile anois roinnte i dtrí chuid mar atá: Mic Léinn, Foireann agus Pobal. Tá leagan dátheangach de na leathanaigh ghréasáin seo ar fáil mar a aontaíodh sa chéad Scéim: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Oifig an Uachtaráin, An Oifig um Acmhainní Daonna, Oifig an Mheabhránaí agus Oifig an Rúnaí.

Leanfar le gealltanais na chéad scéime maidir le suíomh gréasáin na hOllscoile agus sa bhreis air sin, roimh dheireadh na scéime seo, foilseofar na leathanaigh bharrleibhéil a bhaineann le mic léinn, le foireann agus leis an bpobal i nGaeilge agus i mBéarla araon. Díreofar sa dara scéim ar an gcuid de shuíomh na hOllscoile a fhreastalaíonn go sonrach ar mhic léinn na hOllscoile. Foilseofar leagan dátheangach de leathanach baile na rannóg seo a leanas:

- Oifig na bhFoirgneamh
- An Oifig Rochtana
- Oideachas Aosach agus Leanúnach
- An Oifig um idirchaidreamh le Scoileanna
- An tAonad Forbartha Gairme
- An tSeirbhís um Chothú Sláinte do Mhic Léinn
- An Oifig Rochtana
- An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais
- Oifig na Seirbhísí do Mhic Léinn
- An Oifig Lóistín
- Oifig na Scrúduithe
- An tIonad Teagmhála do Mhic Léinn
- Oifig na gCumann
- Seirbhísí Séiplíneachta
- Seirbhísí Comhairleoireachta
- Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise
- An tIonad um Fheabhas Foghlama agus Teagaisc
- Roinn na Staire
- Scoil na Tíreolaíochta agus na Seandálaíochta
- Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr
- Roinn na Gaeilge
- Staidéar Iarchéime
- Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid
- Oifig Preasa agus Faisnéise

Sa bhreis ar leathanaigh bhaile na rannóg thuasluaite, foilseofar leagan dátheangach de na naisc seo a leanas:

An Oifig Rochtana: ‘Rochtain 21’, ‘Treoir Faoi Staidéar’, ‘Clár Bunscoile’, ‘Clár Meánscoile’, ‘A bheith Rannpháirteach’.

Oideachas Aosach agus Leanúnach: ‘Ceisteanna Coitianta agus Freagraí’, ‘Liosta Teagmhálaithe’, ‘Dátaí agus Eolas faoi na Searmanas Bronnta’.

An Oifig um Idirchaidreamh le Scoileanna: ‘Comhairle maidir le Cúrsaí Fochéime’, ‘Eolas faoi ‘Treoirchomhairleoirí’, ‘Cuairt ar Scoileanna’, ‘Turais ar fud an Champais’, ‘Taispeántais Ghairmeacha’ & ‘Ceann Scríbe Céimithe’.

An tSeirbhís Tacaíocht Míchumais: ‘Eolas maidir le Scrúduithe’, ‘Ceisteanna Coitianta agus Freagraí’, ‘Deiseanna Fostaíochta’, ‘Polasaithe’, ‘Áiseanna Eile’.

An tSeirbhís Chomhairleoireachta: ‘Ceisteanna Coitianta agus Freagraí’, ‘Tacaíocht agus Comhairle’, ‘Coinní’, ‘Nós imeachta chun gearáin a dhéanamh’, ‘Rúndacht’.

Déanfar a thuilleadh forbartha ar an leathanach gréasáin ‘An Ghaeilge san Ollscoil’ agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn rialta le linn an dara scéime.

Má chuireann an Ollscoil tús le haon láithreáin ghréasáin nua le linn shaolré na scéime seo, beidh an t-ábhar seasta ar na láithreáin ghréasáin ar fáil go dátheangach.

4.1 Córais Ríomhaireachta

Tá Córais Ríomhaireachta na hOllscoile in ann an Ghaeilge a láimhseáil go sásúil agus beidh gach Córas nua Ríomhaireachtaa úsáideann an Ollscoil in ann amhlaidh a dhéanamh.

4.2 Seirbhísí Idirghníomhacha ar an Idirlíon

Cuirfear aon seirbhísí idirghníomhacha ar an idirlíon, i.e. seirbhísí lena gcuirtear ar chumas an phobail iarratais a dhéanamh, sochair a fháil nó íocaíochtaí a dhéanamh, a fhorbrófar i gcaitheamh chúrsa na Scéime seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach. Is iad seo a leanas na seirbhísí idirghníomhacha atá ag OÉ Gaillimh faoi láthair:

- **Córas PAC:** Féadfar iarratas a dhéanamh ar chúrsaí larchéime ar líne i nGaeilge nó i mBéarla.
- **Córas Íocaíochta Páirceála:** Féadfar an leagan Gaeilge nó an leagan Béarla den chóras a úsáid.

Caibidil 5 Seirbhís don phobal

5.1 Malartán na hOllscoile:

Mar a aontaíodh sa chéad scéim teanga, cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh an teachtaireacht réamhthairfeadta, a chuireann fáilte roimh ghlaiteoirí dátheangach agus an Ghaeilge chun tosaigh ar an mBéarla. Más duine a fhreagraíonn an glaoch ar mhalartán na hOllscoile, beannófar don ghlaiteoir sin i nGaeilge ar dtús agus i mBéarla ina dhiaidh sin. Leanfar ar aghaidh leis an gcomhrá ansin sa teanga is rogha leis an té a rinne an glaoch. Tá rogha ag an gcustaiméir a ghlaonn ar an Ollscoil ón taobh amuigh rogha uimhir a 4 a roghnú chun seirbhís trí Ghaeilge a fháil. Má tá an fholíne chúil ar eolas ag an gcustaiméir, d'fhéadfaí an glaoch a chur tríd go huathoibríoch nó mura bhfuil, cuirfear an glaoch díreach ar aghaidh chuig oibreoir malartáin a bhfuil Gaeilge aici/aige.

I gcomhréir leis an dea-chleachtas caighdeánach Seirbhísí Ardchaighdeán a sholáthar do Chustaiméirí, leanfar lena chinntiú go dtabharfaidh na hoibreoírí malartáin:

- an beannú do chustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla araon
- go mbeidís eolach ar choincheap na tairisceana gníomhaí
- go mbeadh socruithe oiriúnacha ann le go mbeadh siad in ann custaiméirí a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a bhítear a lorg trí Ghaeilge.

Caibidil 6 Cúrsaí Earcaíochta, Oiliúint agus Forbairt Foirne

6.1 Cúrsaí Earcaíochta agus An Coiste Seasta um Cháilíocht Teanga

Is é An Coiste Seasta um Cháilíocht Teanga (CSCT) a dhéanfaidh cinneadh maidir leis an leibhéal inniúlachta Gaeilge a bheidh luaite le post agus folúntais á líonadh ag an Ollscoil. Soláthróidh CSCT comhairle maidir le comhdhéanamh na mbord agallaimh agus tabharfaidh siad comhairle ó thaobh feidhmiú an Reachta de maidir le cúrsaí ceapacháin. Tabharfaidh an CSCT comhairle ghinearálta maidir le cur chuige na hOllscoile agus cúrsaí Gaeilge á bplé.

6.2 An Tairiscint Ghníomhach - Seirbhís Shofheicthe

Tapóidh an Ollscoil gach deis ina hidirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú. San Eolaire Foirne agus ar Shuíomh Gréasáin na hOllscoile araon, cuirfear an tsiombail G le hainmneacha na mball foirne a bhfuil ar a gcumas/atá toilteanach seirbhís éifeachtach a sholáthar trí Ghaeilge do chustaiméirí. Déanfar liosta de na baill seo a nuashonrú gach bliain. Déanfar poiblíocht ar an tsiombail agus ar an gcur chuige seo mar chuid de Sheoladh Oifigiúil an Dara Scéim Teanga. Scaipfear cárta deisce dátheangach le frásaí úsáideacha do chomhráití teileafóin nó do sheirbhísí cuntair ar fhoireann chuí na hOllscoile. Cuirfear comhaid fuaime Mp3 ar fáil chun cabhair a thabhairt do bhaill foirne le fuaimniú na bhfrásaí thuasluaite. Sa bhreis air sin:

- Cuirfear fonótaí isteach mar chuid de threoirlínte, de bhileoga agus d'fhoirmeacha iarratais roghnaithe á mhíniú go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin (i gcás nach dtáirgtear ábhar priontáilte dátheangach faoi aon chlúdach amháin).
- Cuirfear nótaí isteach mar chuid d'fhoilseacháin agus d'fhógraí á thabhairt le fios go soláthraíonn an Ollscoil seirbhísí as Gaeilge agus, dá réir sin, go bhfáiltíonn an Ollscoil roimh chustaiméirí ar mian leo déileáil léi i nGaeilge, de réir na ngealltanais ina Scéim chomhaontaithe.
- Ainmneofar ball foirne amháin i ngach spriocrann atá luaite sna scéimeanna a bheidh freagrach as soláthar na seirbhíse dátheangaí. Beidh sé de dhualgas ar an duine seo idirghníomhú leis na Feidhmeannaigh Theanga, le Rúnaí na hOllscoile agus le custaiméirí maidir le ceisteanna faoi aon ghné den tseirbhís trí Ghaeilge sna ranna sin.

6.3 Ranganna agus Cúrsaí Gaeilge

Cuirfear cúrsaí Gaeilge ar fáil do bhaill foirne i rith uaireanta/taobh amuigh d'uaireanta oifige. Tá an Diplóma sa Ghaeilge ag trí leibhéal éagsúla mar atá: A2, B2, C1 atá ceangailte le Comhchreat Tagartha na hEorpa d'Fhoghlaim Teangacha. Eagrófar ceardlanna ar fheasacht teanga agus ar chearta teanga an chustaiméara don fhoireann ar an láthair oibre sna spriocranna atá luaite sna Scéimeanna lena chinntiú go bhfuil ar chumas na foirne cur

chuige na Tairisceana Gníomhaí a chur i bhfeidhm agus iad ag soláthar seirbhísí dátheangacha do chustaiméirí de chuid na hOllscoile.

6.4 Tacaíocht bhreise do mhic léinn atá ag déanamh staidéir ar ábhar trí Ghaeilge

Soláthrófar tacaíocht bhreise faoi leith san Ionad Scríbhneoireachta Acadúla do mhic léinn a dhéanann staidéar ar ábhair léinn trí mheán na Gaeilge. I gcomhar le Comhaltas na Mac Léinn, soláthróidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge tacaíocht agus oiliúint phraiticiúil do mhic léinn. Déanfar poiblíocht ar na modúil ar fad atá ar fáil do mhic léinn trí mheán na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus déanfar nuashonrú ar eolas faoi na hábhair/cúrsaí ar bhonn rialta ar Shuíomh Gréasáin na hOllscoile.

Caibidil 7 Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim

Úsáidtear struchtúir chun ionadaíocht chuí, rannpháirtíocht agus éifeachtúlacht a chinntiú in ullmhú agus i gcur i bhfeidhm na Scéimeanna Teanga.

7.1.1 Ról Rúnaí na hOllscoile i leith na Gaeilge

Is ar Rúnaí na hOllscoile atá an phríomhfhreagracht as feidhmiú pholasaí Gaeilge na hOllscoile, agus an Scéim seo mar chuid de sin.

7.1.2 Feidhmeannaigh Theanga

Chomh maith lena ndualgais teagaisc le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, tá sé de dhualgas ar bheirt Fheidhmeannach Teanga feidhmiú faoi stiúir Údarás na hOllscoile chun campas eiseamláireach dátheangach a chruthú mar a shamhlaítear é i bPlean Straitéiseach na hOllscoile. Bíonn ról lárnach acu i ndearadh agus i bhfeidhmiú na Scéimeanna Teanga. Déanann siad áisitheoireacht ar chur i bhfeidhm na Scéime Teanga, fiosraíonn siad gearáin inmheánacha, cuireann siad comhairle agus tacaíocht ar fáil do chomhaltaí foirne na hOllscoile i bhfeidhmiú na Scéime ar bhealach praiticiúil agus feidhmíonn siad mar Aonad Iniúchta teanga nuair is cuí, chun iniúlacht teanga na foirne a mheas.

7.1.3 An Coiste Stiúrtha

Oibríonn an Coiste Stiúrtha i gcomhar leis na Feidhmeannaigh Theanga. Nuair a bhíonn dréacht-tuairisc ar chumas Gaeilge an aonaid chuí aontaithe ag na Feidhmeannaigh Theanga le Ceann an aonaid chuí, téann sí faoi bhráid an Choiste Stiúrtha lena breathnú; nuair a cheadaítear í ag an gCoiste, cuirtear chuig Foireann Bhainistíochta na hOllscoile í.

7.1.4 Fóram Comhairleach na Scéime Teanga, faoin nGrúpa Comhpháirtíochta

Tá ról comhairleach ag an bhFóram maidir le feidhmiú Scéim Teanga na hOllscoile. Tá idir lucht bainistíochta agus bhaill foirne ainmnithe ag na ceardchumainn ó réimsí éagsúla na hOllscoile, réimsí acadúla agus riaracháin san áireamh, mar bhaill den ghrúpa seo. Cinntíonn ballraíocht leathan an Fhórait Chomhairligh go mbíonn tuairimí agus smaointe phobal na hOllscoile san áireamh agus Scéimeanna Teanga na hOllscoile á gcur i bhfeidhm. Is é Rúnaí na hOllscoile Cathaoirleach an Fhórait.

7.2 Ag plé le fiosrúcháin agus le gearáin

Déanfar córasú ar fhiosrúcháin agus réiteach gearán chun nach mbeidh moill ar phobal na hOllscoile a gcearta teanga faoi Acht na dTeangacha 2003 a bhaint amach.

Caibidil 8 Poiblíocht ar an Scéim

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa dara scéim seo mar aon le forálacha na scéime don phobal i gcoitinne ar na slite seo a leanas:

- Seoladh Oifigiúil na Scéime Teanga
- Preasráitis
- Fógraíocht ar na forálacha
- Ciorclán chuig baill foirne na hOllscoile
- Leathanach Gréasáin na hOllscoile
- Cur i láthair a dhéanamh do bhaill foirne agus do mhic léinn atá ag déanamh cúrsaí léinn trí mheán na Gaeilge
- Feachtas póstaer

Tá gealltanais na scéime seo bunaithe ar struchtúir eagraíochtúla reatha na hOllscoile. Sa chás agus go ndéanfar athruithe ar struchtúir eagraíochtúla na hOllscoile, cuirfear seirbhísí dátheangacha na hOllscoile in oiriúint do na hathruithe sin mar is cuí.

Tabhair faoi deara gurb é an leagan Gaeilge buntéacs na Scéime seo.